

Gaelscoil Mhuscraí

Ráiteas Sábháilteachta

Diríonn an Bord Bainistíochta aire na foirne ar na socraithe seo a leanas le cúram a dhéanamh de shábháilteachta, shlándáil, shláinte leas na bhfosaithe agus iad siúd atá ag obair sa scoil.

Éilíonn an polasaí seo comhoibriú na bhfostaithe uile. Déanfar athbhreithniú bliantúil nó níos minicí más gá sin de bharr thaithí, athraithe i gcúrsaí dlí agus athraithe cleachtais ar an bpolasaí. Déanfaidh Oifigeach sábháilteachta an Bhoird Bhainistíochta scrúdú bliantúil sábháilteachta agus tabharfar tuairisc don fhoireann. Coinneofar aireachas ar chuntas na dtimpistí agus ar dhroch-shláinte le cinntiú gur féidir aon bheartas sábháilteachta atá riachtanach a chur i bhfeidhm ionas go laghdófaí an baol timpistí agus droch-shláinte.

Is mian le Bord Bainistíochta **Gaelscoil Mhuscraí An Bhlárna**, a chinntiú chomh fada agus is féidir leo:

- Go mbeidh dearadh, soláthar agus caomhnú gach ionad sa scoil sábháilte agus gan contúirt sláinte.
- Go mbeidh bealach sábháilte chuig/ó ionaid oibre.
- Gur féidir fearas agus meaisíní a oscailt go sábháilte chomh fada agus is féidir sin
- Déanfar pleanail, eagrú, feidhmiú agus cothú ar an córais oibre sa gcaoi agus go mbeidh said sábháilte agus gan contúirt don tsláinte.
- Coinneofar go bhfuil an fhoireann ar an eolas chomh fada agus is féidir faoi shábháilteacht i mbun oibre agus a shláinte mar fhostaithe.
- Cloífead le pleananna éigeandála chomh fada agus is féidir sin agus déanfar athbhreithniú orthu nuair is gá
- Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an raiteas seo de réir mar a theastaíonn agus déanfar athbhreithniú ar an raiteas uair sa bhliain ar a laghad.
- Pléifead cúrsaí sábháilteachta agus sláinte leis na fostaithe agus iarrfar a gcuid dtuairimí faoi na cúrsaí sin.
- Cuirfead córas ar bhun ionas go ndéanfar ionadaí sábháilteachta na bhfostaithe a thoghadh.

Aithníonn Bord Bainistíochta **Gaelscoil Mhuscraí, An Bhlárna**, an fhreagracht go gcuirfead i bhfeidhm agus go leanfar go docht leis an Act Sábháilteachta, Sláinte agus leasa 1989:

Dualgaisí na bhfostaithe

Sé dualgas ‘gach fhostaí atá i mbun oibre:

- a. A bheith cúramach, airdeallach faoin a chuid sábháilteacht, sláinte agus leas fhéin agus faoi dhuine ar bith eile a d’fhéadfaí cur as dóibh de bharr a chuid iompair nó faille i mbun oibre.
- b. Coimhoibriú lena fhostóir nó le aon duine eile ionas go mbeifear in ann cloí leis an soláthar ceart reachtúil.
- c. An úsáid cheart ar mhaithe le sábháilteacht agus cosaint a bhaint as fearas, áiseanna, trealamh nó rud ar bith eile atá curtha ar fáil (dho fhéin nó do dhaoine eile) ionas go gcinnteofar go mbeidh sé slán sábháilte i mbun oibre.
- d. Bord Bainistíochta na scoile a chur ar an eolas gan mhoill má thugtar faoi ndeara aon locht nó easnamh ar innealra, fearas, áit oibre nó córas oibre a d’fhéadfadh cur as do chúrsaí sábháilteacht, sláinte, nó leasa na scoile.

Ba cheart go ‘gach duine a bheith cúramach agus gan cur isteach d’aon turas air/ná mí-úsáid a bhaint as aon fhearas, áiseanna nó rud ar fáil atá ag cloí leis an soláthar ceart reachtúil nó eile ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht.

Ba cheart go gcinnteodh fostaithe go n-úsáidtear go sábháilte agus go cúramach ‘chuile áis agus fearas atá curtha ar fáil (féach Cuid 9 den Acht Sábháilteacht, Sláinte agus Leasa 1989).

Comhairle agus Eolas

Sé polasaí Bhord Bainistíochta **Gaelscoil Mhuscraí an Bhlárna**, ná dul i gcomhairle leis an bhfoireann i réiteach agus i líonadh na bhfoirmeacha/liostai contúirtí, cóip den Ráiteas Sábháilteachta a chur ar fáil d’fhoireann na scoile faoi láthair agus amach anseo, agus aon eolas breise nó rialacha breise a bhaineann le cúrsaí sláinte sábháilteachta agus leasa na scoile a chur ar fáil de réir mar a thagann said chun solais. Cuirfear an t-Acht Sábháilteachta, Sláinte agus leasa 1989 san áireamh i dtraenáil foirne agus in aon phleananna forbartha a bhaineann leis an scoil.

Contúirtí

Roinnfear na contúirtí i dhá roinn. Déileofar ar bhun práinne leis an gcuid gur féidir a chur ina gceart láithreach. Déanfar liosta den chuid nach féidir réiteach a fháil láithreach agus an nós imeachta oiriúnach i ngach cás. Déanfar iarracht deireadh a chur le gach contúirt má bhíonn cúinsí cearta agus acmhainní ag an mBord.

Tine

Sé polasaí Bhord Bainistíochta **Gaelscoil Mhuscraí An Bhlárna**, ná:

1. Go gcuirfidh an Bord Bainistíochta soláthar ceart múchtóirí tine ar fáil a bheadh oiriúnach do na cineálacha éagsúla tinte a d’fhéadfadh tosú. Go ndéanfar seirbhis rialta bliantúil ar an múchtóirí tine. Go ndéadhfaidh duine atá oilte sa chineál sin oibre an scrúdu. Go bhfuil treoracha ar ‘chuile mhúctóirí tine len é a úsáid.
2. Cinnteoidh an Oifigeach sábháilteachta foirne go ndéantar druil thine ar a laghad uair sa teárma.

3. Beidh na haláram tine marcáilte go soiléir. (Freagracht ar Oifigeach Sábháilteachta an Bhoird Bhainistíochta).
4. Beidh comharthaí le feiceáil go soiléir sa chaoi is go mbeidh cuairteoirí ar an eolas faoi dhoirse agus bealaí éalaithe. (Oifigeach Sábháilteachta).
5. Beidh na doirse, na pasáistí agus na bealaí uilig saor ó bhacanna agus beifear in ann iad a oscailt i gcónaí ón taobh istigh den fhoirgneamh. Caithfidh gach múinteoir a bhfuil bealach éalaithe sa seomra ranga acu a chinntiú nach mbíonn aon rud sa bhealach air. Cinnteoidh an Oifigeach Sábháilteachta go mbíonn na doirse éalaithe sa halla agus ag an bpríomhdhoras saor ó bhacanna.
6. Tá na pointí tionóil socraithe taobh amuigh den fhoirgneamh agus tá said ar eolas ag na leanaí.
7. Beidh na comharthaí de na bealaí amach marcáilte go soiléir.
8. Bainfear amach an phocóid den trealamh leictreach uile nuair a bhíonn an foirgneamh folamh agus nuair atá sé fágtha gan úsáid ar feadh tréimhse fhada. Tá freagracht ar gach múinteoir dá sheomra ranga fhéin. Tá freagracht na hoifige ar an bpríomhoide. Tá 'chuile mhúinteoir freagrach as an seomra foirne.
9. Tá freagracht don phróséas aslonnaithe agus do dhruileanna tine ar an bpríomhoide agus ar an Oifigeach Sábháilteachta.
10. Comhlíonfar na coinníollacha seo chomh maith le aon mholadh a dhéanfaidh Oifigeach Tine.

Ní mór cloí leis na coinníollacha sábháilteachta/cosanta (breathnaigh dualgaisí an fhostaí) leis na contúirtí seo a laghdú:

- a. Tá teacht ar agus úsáid innealra/trealaimh teoranta do bhaill cháilithe na foirne, ard é a ndualgas ná úsáid, coinneáil, glanadh agus monatóireacht ar ghnéithe áirithe innealra. Tabharfar cóip den Ráiteas Sábháilteachta seo do na conraitheoirí uilig sular shínítear aon chonradh leis an príomhoide/Bord Bainistíochta. Caithfear cóip de Raiteas Sábháilteachta na scoile a thaispeáint d'aon chonraitheoir eile a théann isteach sa scoil agus ní mór dóibh cloí leis.
- b. Ina theannta sin, caithfear úsáid a bhaint as an trealamh agus innealra de réir treoracha agus moltaí an déantúsora.
- c. Beidh na cosaintí feiliúnacha ar an innealra agus trealamh leictreacha cuí.
- d. Beidh fógraí a bhaineann le sábháilteacht crochta sna háiteacha cuí.
- e. Beidh duine éigin ag tabhairt cúnamh i gcónaí má bhíonn duine in airde ar dhréimire.
- f. Gan ligint do pháistí úsáid a bhaint as buidéal ghloine chomh fada is gur féidir. Gloine bhriste a ghlanadh as ar an bpointe.
- g. Déanfaidh an Bord Bainistíochta cinnte de go mbeidh na hurláir glan, réidh saor ó scealpacha agus nach bhfuil said sciorrach.
- h. Déanfaidh na múinteoirí a chinntiú go bhfuil an trealamh Chorpoideachais stóráilte go daingean agus nach bhfuil aon chontúirt ag baint leis.
- i. Go mbeidh scrúdú rialta bliantúil déanta ar an troscán, na húrhlair, trealamh agus fearais. (Oifigeach Sábháilteacht an Bhoird Bhainistíochta agus Oifigeach Sábháilteacht na foirne).
- j. A chinntiú go bhfuil an dromchla taobh amuigh réidh, slán, agus nach bhfuil aon scoilt ann. (feighlí agus bord).
- k. A chinntiú go bhfuil an d'fion, píopai báistí, na gáitéir agus na lintéir slán agus i gcaoi mhaith. (Feighlí agus an Bhoird Bhaintíochta).
- l. A chinntiú go mbeidh na háiteanna spraoi saor ó ghloine sula mbaintear úsáid astu.

- m. A chinntiú go bhfuil na soilse taobh amuigh ag obair agus sásúil. (An Bhoird Bainistíochta)
- n. A chinntiú go gcoinnítear fearas tógála, ábhar cothbhála agus trealamh an chothabhálaí go sábháilte faoi ghlas sa stór. (Feighlí agus Oifigeach Sábháilteachta agus an Bhoird Bainistíochta).
- o. A chinntiú go dtógtar an brúscar amach as an bhfoirgneamh chuile lá agus go storáiltear é go cúramach. (Glantóir).

Contúirtí Seasmhacha

Innealra, fearas cistine, trealamh leictreach.

‘Sé polasaí Bhord Bainistíochta **Gaelscoil Mhuscraí, An Bhlárna**, nach mbainfidh ach daoine atá cumasach agus údarás acu úsáid as fearas cistine agus trealamh leictreach. Déanfar scrúdú rialta cothabhála ar an trealamh agus ar an bhfearas seo.

Trealamh leictreach

Déanfar socrú go ndéanfaidh duine cumasach, sé sin duine cothabhála, an soláthraí nó a ghníomhaire, scrúdú cothabhál, an soláthraí nó a ghníomhaire, scrúdú cothabhála go riala, ‘chuile bhliain ar a laghad, ar an trealamh uile. Ba cheart don té atá ag baint úsáid as an trealamh a chinntiú ar dtús go bhfuil:

- Na cosaintí ar fad atá mar ghnáthchuid den trealamh ag obair.
- Na cáblaí cumhacta slán agus nach bhfuil said gearrtha ná scríobtha
- An polocóid a thógáil amach nuair nach bhfuil an gléas in úsáid.

Ceimicí

Sé polasaí Bhord Bainistíochta **Gaelscoil Mhuscraí An Bhlárna**, go bhfógrófar chuile ghalar tógalach agus go ndéanfar chuile iarracht an fhoireann agus na páistí a chosaint ó na galair seo. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an chontúirt seo a laghdú trí chaighdeán ard glaineachta, sláinteachais agus díghalrú a chur i bhfeidhm agus trí mhiotóga faoi leith a chur ar fáil do gharchabhair agus do ghlanadh. Beidh neart uisce, gallúnaigh, tuailí agus áiseanna le fáil réidh le drámhail go sábháilte ar fáil sna cofraí faoi doirteal sna seomraí.

Garchabhair

‘Sé polasaí Bhord Bainistíochta **Gaelscoil Mhuscraí An Bhlárna**, go mbeadh an fhoireann eolach faoi na nithe thíos.

Tá bosca garchabhrach i ngach seomra ranga. Istigh ann bíonn:

- Plástair
- Bindealán
- Siosúr
- Cairt Gharchabhrach
- Miotóga Garchabhracha

Bíonn málaí leac oighir ar fáil sa chuisneoir sa seomra foirne agus san oifig.

Bealach isteach sa scoil

Ceart do thuistí no cuairteoiridul díreach chuig na hoifige chun teacht isteach. Is é an rúnaí a bheidh ag deileáil leo.

Tuismitheoirí ag fagáil agus ag bailiú páistí

1. Ní mór do thuismitheoirí / chaomhnóirí/lucht cúraim aird a thabhairt ar na treoracha don pháirceail/chlós ar mhaithe le sábháilteacht. Ní mór dóibh freisin an litir a léamh ag tús na bliana ag míniú conas paircéail sa chlós um thráthnóna agus conas na páistí a scaoileadh ar maidin. (Maidin – bíonn timpeallán sa chlós ionas go mbeidh an trácht ag bogadh amach as an slí do dhaoine eile. Fágann na tuistí na leanaí ag doras na scoile. Níl cead ag tuismitheoir leanbh a ligint amach as an charr go dtí go bhfuil an charr tar éis stopadh os comhair doras na scoile. Um thráthnóna bíonn ar na tuistí an charr a chulú siar in aice le ráillí na scoile ionas go mbeidh radharc soiléir acu. Fágann na tuistí an charr agus téann said isteach sa seomra feithimh má tá leanbh á bhailiú acu ó na naíonáin. Fánann na tuistí eile ag feitheamh lasmuigh. Súileann said in éineacht leis na leanaí ansin.

Contúirtí sna seomraí

Seomra Fóine

- Doirteal – uisce te
- Radaitheoir
- Soicéad agus plocóid, sreang
- Citeall srl.
- Scian/forc/plátaí srl.

Seomra Rang 2/Trasna ón seomra fóirne

- Radaitheoir
- Doirteal – uisce te
- Soicéad agus plocóid
- Málaí scoile

Seomra Naíonáin Mhóra / Chéad sheomra ranga thuas staighre ar chlé

- Radaitheoir
- Doirteal – uisce te
- Soicéad agus plocóid
- Málaí scoile
- Staighre in aice leis an ndoras ar bhun an tseomra
- Céimeanna agus dul isteach sa seomra
- Ailléirgí – an chlár dubh/cailc

Seomra Tacaíocht Foghlamtha/Feabhais

- Radaitheoir
- Fuinneog íseal
- Soicéad agus plocóid
- Doras trom
- Ailléirgí – an chlár dubh/cailc

Seomra Rang 3 & 4 / Dara sheomra ranga thuas staighre ar chlé

- Doras don leithreas trom do na páisti óga
- Ríomhaire / clár bán idirghníomhach
- Soicéad agus sreang
- Doirteal – uisce te
- Raideathóir
- 3 chéim / staighre gairid ar an slí isteach
- Ailléirgí – an chlár dubh/cailc

Oifig beag

Faoi ghlas i gcónaí

Seomra Rang 5 & 6 / Tríú sheomra ranga thuas staighre ar chlé

- Fuinneog mór ag bun an tseomra
- Doras don leithreas trom do na páisti óga
- Ríomhaire / clár bán idirghníomhach
- Soicéad agus sreang
- Doirteal – uisce te
- Radathóir
- 3 chéim / staighre gairid ar an slí isteach
- Ailléirgí – an chlár dubh/cailc

Seomra Rang 1 / Ceathrú sheomra ranga thuas staighre ar chlé

- Doras don leithreas trom do na páisti óga
- Ríomhaire / clár bán idirghníomhach
- Soicéad agus sreang
- Doirteal – uisce te
- Radathóir
- 3 chéim / staighre gairid ar an slí isteach
- Doras éigeandála ag bun an siúltán/phasáiste -d'fhéadfadh páiste é a oscailt.
- Bealach éalaithe.
- Ailléirgí – an chlár dubh/cailc

Seomra Naíonáin Bheaga (Seomra ranga thíos staighre ar chlé)

- Doras don leithreas trom do na páisti óga
- Ríomhaire / clár bán idirghníomhach
- Doirteal
- Soicéadaí
- Radaitheoir
- Málaí ar an urláir
- Ailléirgí – an chlár dubh/cailc

Seomra tacaíocht Foghlama (Seomra ranga thíos staighre ar dheis)

- Doras Bealach Ealaithe ar chúl an tseomra
- Soicéadaí
- Doirteal
- Radatheoir
- Málaí ar an urláir

- Ailléirgí – an chlár dubh/caile

Seomra Storais

- Breagáin Aistear
- Comhaid-caibinéad troma

An Oifig

- Soicéadaí
- Radaitheoir
- Meaisín Fotacoipeála
- Laminator ar siúl
- Dallóga ar na fuinneoga
- Fuinneog (Hatch)

Siúltán timpeall na hoifige agus seomra na ríomhairí

- Dorcha
- Tileanna sleamhain dá mbeadh sé fluich
- Cófraí ársa le leabhair
- Doras faoin staighre
- Cannaí péinte faoin staighre taobh thiar den doras

Seomra Ríomhairí

- Soicéadaí
- Bord ársa le paipéar orthu
- Radaitheoirí
- Bealach Ealaithe oscailte
- Clár bán soghluaiste
- Sreangacha

Staighre (dubh & liath)

- Úsáideann gach páiste an staighre dubh. Tá an staighre dubh oscailte agus dainséarach. Caithimid gach uile iarracht a dhéanamh é a choinneáil tirim i gconaí. Mar thoradh ar seo, tá sé mar pholasaí again péire bróg difriúil a usáid nuair a bhíonn na leanaí istigh agus lasmuigh. Ceannaíonn na páistí “slipéirí” agus athraíonn said na broga nuair a thagann said ar maidin, nuair a bhíonn said ag dul amach ag súgradh, nuair a bhíonn said ag teacht isteach tar éis súgradh agus ag am dul abhaile.
- Fanann na slipéirí orthu don lá ar fad ach amháin nuair a bhíonn said ag dul lasmuigh.
- Múinteoir rialacha do na leanaí go luath ar scoil maidir le conas dul suas agus teacht síos an staighre i gceart. Taispeánann na múinteoirí an slí ceart doibh agus bíonn na múinteoirí dian ar aon daltaí nach bhfuil ag aontú.

Múintear an slí seo do na páistí agus iad ag úsáid an staighre:

- Ag suíl go mall céim i ndiaidh ceime síos gan caint agus ag féachaint ar cá mbíonn tú ag dul.

- Caithfidh mála scoile a bheith ar dhroim an leanbh más féidir ionas go mbeidh na lámha saor ansin.
- Caithfidh páiste lámh amháin a chur ar an balastar /na ráillí

Leithreas i ngach seomra do na ranganna

- Doirteal – uisce
- Doras
- Caithfidh a bheith cinnte nach bhfuil uisce tar éis titim ar an urlar fliuch againn i ndiaidh na leanaí
- Bíonn mála leithris ag gach dalta –Istigh ann bíonn tuáille agus gallúnach. Tógann said é seo leo nuair atá said ag dul go dtí an leithreas. Mar thoradh ar sin, is féidir linn a bheith cinnte nach bhfuil tuaille fliuch fágtha ar urlár nó gallúnach ag blocáil an doirtil.

Contuirte sna seomraí thíos staighre

Seomra Feithimh do na tuismitheoirí

- Bealach isteach a choinneáil glan agus folamh an t-am ar fad.

An Halla

- An áit faoin staighre dainséarach (daltaí a choinneáil amach as).
- Seilfeanna – slipéirí
- Seastán don altóir
- Crochadán na leanaí
- Seastán trom don phostaeir faoi chóras na bpointí
- Bosca bruscar
- Na doirse (trom).
- Na piléirí sa lár

Seomra Stórais don Fearas Chorp-Oideachais

- Seilfeanna ársa le trealamh trom orthu
- Málaí ar an úrlár
- Doras Trom a dhúnann isteach go tapaidh

Clós na Scoile

- Tá dhá clós ann. Tá naíonán go rang 1 i gclós amháin agus rang 2 – 6 i gclós eile. Tá an clós dúnta le ciorcóga.
- Níl cead ag na paistí bia a thabhairt amach leo sa chlós. Itheann said sna seomraí ranga. Aon rud atá fágtha – tógann na leanaí é agus bruscar abhaile. Ansin bíonn a fhios ag na tuismitheoirí cad atá ithe ar scoil agus le sin ní bhíonn bruscar fágtha ar scoil in aon áit.
- Ag am teacht isteach (deireadh an súgradh/sós) buaileann pé múinteoir atá ag déanamh feitheoireacht sa chlós a lámha. Stopann na leanaí ar an bpointe. Buaileann sí a lámha an dara uair agus téann said isteach sna línte. Ansin tugann múinteoir cead do na ranganna éagsúla dul isteach sa halla líne i ndiaidh líne.

- Téann na naíonáin díreach isteach chuig a seomra ranga in aice na hoifige. Téann múinteoir sa chlós leo go dtí go dtagann múinteoir na naíonáin isteach.
- Sa halla, athraíonn na daltaí na bróga agus téann said isteach sna línte in san áit a bhí tugtha dóibh ag tús na scoilbliana.
- Téann múinteoir amháin isteach leis na páistí & fanann an múinteoir eile (a bhí lena naíonáin) amuigh leis na páistí eile.
- Siúlann an C.R.S. isteach lena páiste sula dtosnaíonn na línte ag siul isteach.

Timpiste

Ma tá paiste tar éis titim sa chlós agus iad a ghortú, seo a leanas cad a tharlaíonn:

- Cuireann an múinteoir ag féitheoireacht í nó é suas go dtí an seomra foirne le duine ó na hArdranganna.
- Tar éis labhairt le na múinteoirí sa seomra foirne tógann múinteoir ranga an leanbh í/é go dtí an leithreas sa seomra ranga ag glanadh nó ag déanamh scrúdu níos fearr air / uirthi – ní chuireann na múinteoir aon rud ach uisce ar an áit atá ag cur fola ar eagla go mbeadh frithghníomh ailléirgeach aige / aici. Is féidir bindealán a chur air/uirthi má tá siad ag cur fola go dona.
- Aon duine atá gortaithe sa cheann, cuirtear gloch ar tuismitheoirí agus deirtear leo teacht, chun an leanbh a bhailiú láithreach.
- Tá na tuismitheoirí curtha ar an eolas maidir le timpistí ag am dul abhaile agus tá nóta curtha isteach sa dhialann scoile.

Contúirtí eile a bhaineann le daoine fásta sa scoil

Daoine Fásta

- Staighre (ard, géar)
- Céimeanna i bhfolach thuas staighre
- Teach ina bhfuil an gaileadán
- Ballaí airde
- Ailléirgí
- Urlár fliuch sna leithrisí agus sa halla
- Clós na scoile

Na contúirtí thuasluaite a chosaint do na daoine fásta

- Gan a bheith ag rith ar an staighre agus cabhair a lorg ag iompar rudaí air.
- Céimeanna – Comharthaí curtha suas ag rá go bhfuil said ann agus aire a thabhairt.
- Teacht lasmuigh – Beirt le chéile an t-am ar fad má tá gá le dul amach ann i rith am scoile. Caithfidh an ghlantóir a bheith curtha ar an eolas faoin bealach ealaithe seo toisc go mbeadh sí ag usaid é go rialta 5 Dúnann an doras seo isteach láithreach agus bíonn bloc ag teastail chun é a choiméad ar oscailt.
- Ballaí airde – cabhair a lorg ag crochadh pictiúirí agus deimhin a dhéanamh de go seasann duine ar rud seasamhach.

- Ailléirgí – Eolas a bhailiú ó na múinteoiri maidir l’ailléirgí agus breoiteachtaí ina measc. Bíonn freagracht ar gach múinteoir aire pearsanta a thabhairt dóibh fhéin agus an fhadhb a chur in iúl don phríomhoide.
- Urlár fliuch – é a thriomú láithreach má thiteann uisce air.
- Clos Na Scoile – A bheith ciallmhar agus aireach maidir le sábhailteacht pearsanta sa chlós

Athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta seo

Déanfaidh **Bord Bainistíochta Gaelscoil Mhuscraí An Bhlárna**, athbhreithniú rialta ar an Ráiteas seo de réir thaithí agus coinníollacha an Achta Sláinte agus Sábháilteachta agus an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá an Ráiteas Sábháilteachta seo leagtha amach de réir an Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag Obair, 1989

Bainisteoir: Donnchadh Ó hAodha

Ionadaí na foirne: Mairéad Uí Chárthaigh

Cuireadh an polasaí seo le chéile de réir an ‘Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair : 1989’ i mí Aibreáin 2010.

Deineadh athbhreithniú air agus cuireadh isteach athruithe dá réir i rith lá pleanála scoile i Meán Fómhar 2015.